An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán Uimhir: 0073/2020

Chuig: Boird Bainistíochta, Príomhoidí agus Foirne Teagaisc in Iar-Bhunscoileanna
Chuig: Comhordaitheoirí agus Foirne Teagaisc in Aonaid Oideachais
Chuig: Príomhfheidhmeannaigh Boird Oideachais agus Oiliúna

Treoir athbhreithnithe do Chigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CCCL)

Cuir an imlitir seo ar a súile don fhoireann teagaisc ar fad agus d'fhoireann chuí eile agus do bhaill uile bhord bainistíochta na scoile, le do thoil.

I mí Eanáir 2019, faomhadh an múnla cigireachta *Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CCCL)* go hoifigiúil le húsáid i scoileanna. Faomhadh an múnla seo i ndiaidh trialacha agus forbairt mhionsonraithe i scoileanna agus i gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara éagsúla.

Tugadh gealltanas do na páirtithe leasmhara go ndéanfaí athbhreithniú ar an múnla CCCL bliain tar éis dó teacht i bhfeidhm. I mí an Mheithimh 2020, fuair an Chigireacht faomhadh an Aire chun athbhreithniú a dhéanamh ar an múnla CCCL tríd próiseas comhairliúcháin i scríbhinn.

Tháinig an próiseas athbhreithnithe chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2020. Cuireadh *Treoir do Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí* athbhreithnithe i gcrích agus cuireadh í faoi bhráid an Aire lena faomhadh faoi fhorálacha Alt 13(8) *den Acht Oideachais 1998*. Tá an an *Treoir do Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí* 2020 athbhreithnithe, a foilsíodh ar an 13 Deireadh Fómhair, faofa ag an Aire.

Tugann an treoir athbhreithnithe soiléireacht bhreise ar thuairisciú don bhord bainistíochta ar an maoirsiú ar chosaint leanaí i scoileanna agus in ionaid oideachais (Ionaid Ógtheagmhála) agus ar an athbhreithniú ar Pholasaí Úsáide Inghlactha (PÚI) na Scoile i dtaobh Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC). Ina theannta sin, baineadh líon an-bheag débhríonna ón gcéad chreat CCCL.

Is é cuspóir an chiorcláin seo ná cur in iúl daoibh **go ndéanfar gach *Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CCCL),* a dhéanfar tar éis 3 Samhain 2020, de réir na treorach athbhreithnithe.**

Tá an *Treoir do Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí* athbhreithnithe ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne (www.education.ie).

Oifig an Phríomhchigire
oci@education.gov.ie

3 Samhain 2020